An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**EUCO 47/24**

**CO EUR 41**
**PV/CO EUR 29**

**MIONTUAIRISCÍ**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (an 23 Márta 2023) |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Deireadh Fómhair 2024, d'fhormheas an Chomhairle Eorpach miontuairiscí an chruinnithe a bhí aici an 23 Márta 2023, mar a leagtar amach iad sa doiciméad seo, agus chinn iad a chur ar fáil don phobal.

1. Seisiún tuairimíochta le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe 3

2. Seisiún tuairimíochta Pharlaimint na hEorpa 3

3. Glacadh an chláir oibre 3

4. An Úcráin 3

5. Iomaíochas, an Margadh Aonair agus an Geilleagar 3

6. Fuinneamh 4

7. Míreanna eile 4

8. Glacadh na gconclúidí 4

1. **Seisiún tuairimíochta le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe**

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres.

2. **Seisiún tuairimíochta Pharlaimint na hEorpa**

D'éist an Chomhairle Eorpach le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa.

3. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle Eorpach a clár oibre mar a leagtar amach in EUCO 5/23 é.

4. **An Úcráin**

Bhí seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na hÚcráine, Volodymyr ZELENSKYY, trí nasc físe.

Phléigh an Chomhairle Eorpach cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus tacaíocht leanúnach an Aontais Eorpaigh don Úcráin agus dá muintir.

D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach a tacaíocht leanúnach do Phoblacht na Moldóive agus d'iarr sí ar an gCoimisiún pacáiste tacaíochta a thíolacadh roimh an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

5. **Iomaíochas, an Margadh Aonair agus an Geilleagar**

Chuir an Chomhairle Eorpach treoir ar fáil maidir le straitéis fhadtéarmach na hEorpa chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin táirgiúlacht agus chun leas a bhaint as poitéinseal iomlán an mhargaidh aonair agus maidir le gníomhaíocht chun bonn eacnamaíoch, tionsclaíoch agus teicneolaíoch an Aontais a chur in oiriúint don aistriú glas agus don aistriú digiteach. D'iarr sí ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún leanúint den obair agus tuairisciú maidir leis an dul chun cinn roimh an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh 2023.

Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le trádáil.

D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach freisin na conclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir leis an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch agus phléigh sí réimsí tosaíochta beartais an tSuirbhé Bhliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

**6. Fuinneamh**

Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena conclúidí a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn ullmhú don gheimhreadh agus níos faide anonn.

**7. Míreanna eile**

Cuireadh an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme chonclúidí an 9 Feabhra 2023 uaithi maidir leis an imirce. Athbhreithneoidh sí an cur chun feidhme sin arís i mí an Mheithimh.

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh freisin ar an méid a leanas:

– an toradh a bhí ar Chomhdháil na nDeontóirí chun tacú le muintir na Tuirce agus na Siria tar éis chrith talún an 6 Feabhra 2023;

– an Comhaontú maidir leis an conair do normalú an chaidrimh idir an Chosaiv* agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis.

– cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta sa Bhealarúis.

– an comhaontú maidir le Creat Windsor.

**8. Glacadh na gconclúidí**

Ghlac an Chomhairle Eorpach na conclúidí, ina léirítear toradh a cuid plé, mar a leagtar amach in EUCO 4/23 iad.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.